PLEAN CEACHTA 2: CEIST a roghnú

ACMHAINNÍ AR FÁIL: PowerPoint 1 & Bileog Oibre 2

AM RANGA: 50-60 nóim | Dáta:

Ábhar: SESE | Sraith: | Rang

Scileanna Eolaíochta: Ceistiú, Fiosrú, Pleanáil

Cuspóirí Foghlama	Gníomhaíochtaí Foghlama	Acmhainní
Faigh amach Foghlaim le fadhbanna a réiteach trí chomhoibriú	**Seisiún Tobsmaointeoireachta (15 nóim)** Eagraigh an rang de réir **grúpaí cumais measctha de 4-6 gasúr**. Fógair an 3 **smaoineamh, dar leat, a bhfuil an chosúlacht is fearr orthu.** Cuir dúshlán roimh gach grúpa na ceisteanna a phlé agus tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí / turgnaimh a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun freagra a fháil. Féadfaidh tú róil a thabhairt do gach grúpa (duine chun a gcuid smaointe a thaifeadadh, duine chun a chinntiú go bhfaigheann gach duine deis labhartha, duine le labhairt thar ceann an ghrúpa sa seisiún aiseolais srl.)	Tograí ceiste a cruthaíodh i gCeacht 1 Sleamhnán 4 PowerPoint
Foghlaim le buanna smaointe daoine eile a scrúdú	**Seisiún Aiseolais (10 nóim)** Is é cuspóir an tseisiúin seo ná go gcloisfidh na páistí réimse smaointe a thabharfaidh léargas dóibh ar an imscrúdú is mó a thaitneoidh leo. Tabhair am do gach grúpa a gcuid smaointe a chur ar ais chuig an rang **i mbeagán focal**. D'fhéadfá smaointe breise a chur san áireamh agus ceisteanna a chur.	 Céim 1
Foghlaim le cinntí a dhéanamh go daonlathach	**Vótáil (5 nóim)** Tar éis dóibh na smaointe go léir a chloisteáil iarr ar an rang vótáil ar an gceist ar mhaith leo a chur. Déan é seo trí chomhaireamh lámh nó le ballóid rúnda má tá am agat.	Sleamhnán 3 PowerPoint Céim 1
Foghlaim faoin luach a bhaineann le smaointe-oireacht chomhoibríoch	**Pleanáil Tosaigh (20 - 30 nóim)** **Tá ceist agat anois don imscrúdú!** Tabhair Bileog Oibre 2 do gach grúpa agus iarr orthu smaoineamh níos mionsonraithe a dhéanamh ar an gceist seo. Abair leo go dteastaíonn go leor smaointe uait chun plean a chur le chéile. Tabhair spreagadh dóibh na smaointe a phléigh siad agus a chuala siad ó dhaoine eile a úsáid. Iarr orthu aontú (taobh istigh dá ngrúpa) ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh. An bhfuil aon rud ann a chaithfear a thógáil nó a dhearadh? Cén cineál trealaimh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun é seo a dhéanamh? Arís, ná bí ag súil go mbeidh pleananna ina dtograí nithiúla nó inoibrithe go hiomlán ag an bpointe seo. Roghanna: D'fhéadfá obair bhaile a dhéanamh den ghníomhaíocht seo inar féidir le gasúir comhairle a fháil sa bhaile / smaointe Google a fháil ar an ábhar. D'fhéadfaí iad seo a chur ar fáil don rang sa chéad seisiún eile. **Bailigh Bileog Oibre 2 mar thaifead ar na smaointe go léir.**	Bileog Oibre 2  Céim 1
	Measúnú Riosca agus Beartú Tosaíochta: Roghnaigh ábhar gníomhaíochta indéanta (agus sábháilte) bunaithe ar ábhar bhileog oibre 2, agus an plé ranga. Aimsigh bealaí chun an rannpháirtíocht is mó a spreagadh agus aimsigh rudaí gur féidir a chainníochtú agus a thomhas.	